# D.03.ORG - Fógra Eolais d'Othair (FEO) Othar ag taisteal go dtí an Ghréig

**Fógra Eolais d'Othair maidir leis an mBonneagar Seirbhísí Digiteacha r-Shláinte**

Is chun na GRÉIGE atá an t-othar ag taisteal

## 1. Cuspóir an Fhógra Eolais d'Othair

I gcomhréir leis na hoibleagáidí a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (RGCS), is é is aidhm don fhógra seo othair (áitritheoirí de chuid na hEorpa) a bhíonn ag taisteal go dtí an Ghréig a chur ar an eolas ar bhealach achomair trédhearcach intuigthe féinmhínitheach faoi phróiseáil a gcuid sonraí pearsanta ag gairmithe cúraim sláinte a dhéantar i suíomh trasteorann.

## 2. Cad é an Bonneagar Seirbhísí Digiteacha r-Shláinte?

Cuireann an Bonneagar Seirbhísí Digiteacha r-Shláinte Eorpach (eHDSI nó eHealth DSI) rochtain shábháilte agus éasca ar fáil ar shonraí leighis áitritheoirí an Aontais Eorpaigh (AE) do ghairmithe cúraim sláinte a bhfuil baint acu le cóireáil agus / nó dáileadh cógas. Is córas leictreonach trasteorann é eHDSI lena dtairgtear d'áitritheoirí na hEorpa, i gcomhréir le forálacha dlíthiúla a leagtar síos le RGCS agus an reachtaíocht ábhartha náisiúnta agus le reachtaíocht an Aontais, bealach sábháilte agus éasca chun a gcuid sonraí sláinte a aistriú más amhlaidh go dteastaíonn uathu seirbhísí soláthair cúraim sláinte a úsáid ar an gcoigríoch, trí gheata digiteach slán a chuireann Pointe Teagmhála Náisiúnta ar fáil le haghaidh r-Shláinte (NCPeH) arna ainmniú ag gach tír. Próiseáiltear sonraí pearsanta an othair i gcomhréir le forálacha dlí náisiúnta na tíre cóireála.

## 3. Cad iad catagóirí na sonraí a phróiseáiltear?

Na sonraí leighis lena gcuimsítear d'achoimre ar an othar chomh maith leo siúd atá i do ríomhoidis agus do dháiltí leictreonacha, bailítear agus próiseáiltear iad i do thír chónaithe, agus cuirtear iad ar fáil do ghairmithe cúraim sláinte sa Ghréig, chun a chur ar do chumas tairbhe a bhaint as Soláthar trasteorann seirbhísí sláinte sa Ghréig. Is féidir na sonraí a chuirfear ar fáil a roinnt in dhá (2) phríomhchatagóir:

- Sonraí déimeagrafacha, amhail sonraí teagmhála an othair, uimhir na foirme aitheantais etc., a úsáidtear le haghaidh aitheantais, agus

- Catagóirí speisialta sonraí, amhail sonraí leighis atá san achoimre ar an othar, chomh maith leo siúd atá san áireamh i do ríomhoidis agus i do dháiltí leictreonacha, a aistrítear tríd an eHDSI.

San áireamh sa mhéid thuas tá na sonraí sláinte uile a bhaineann leis an othar agus ar a dtugtar rochtain ar mhaithe le seirbhísí cúraim sláinte a chur ar fáil sa Ghréig. Is é an t-aon coinníoll atá ann go bhfuil do chuid sonraí pearsanta cláraithe cheana i bhfoirm leictreonach i do thír chónaithe. I dteannta na sonraí ar a dtugtar rochtain ó do thír chónaithe, féadfar sonraí sláinte a bhailiú ar an láthair agus iad a stóráil i bhformáid leictreonach nó pháipéir ag pointe soláthair an chúraim sláinte. Próiseálfar na sonraí i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha náisiúnta agus le reachtaíocht an Aontais.

# 4. Céard iad na forais le do chuid sonraí pearsanta a phróiseáil?

Is é an bunús dlí chun sonraí pearsanta a phróiseáil, amhail sonraí déimeagrafacha / aitheantais agus sonraí teagmhála, Airteagal 6, mír 1 (c) agus (e) de RGCS (‘*is gá an phróiseáil a dhéanamh chun oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialaitheoir faoina réir a chomhlíonadh*’ agus ‘*is gá an phróiseáil a dhéanamh chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir*’).

Is é an bunús dlí chun catagóirí speisialta sonraí a phróiseáil (e.g. sonraí sláinte) Airteagal 9, mír 2 (h) agus (i) de RGCS (‘*is gá an phróiseáil a dhéanamh chun críocha leighis choiscthigh nó ceirde..., diagnóis leighis, cúram sláinte nó cóireáil shóisialta a sholáthar...*’ agus ‘*is gá an phróiseáil a dhéanamh ar chúiseanna a bhaineann le leas an phobail i réimse na sláinte poiblí, amhail cosaint i gcoinne bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte nó chun ardchaighdeáin cáilíochta agus slándála a áirithiú do chúram sláinte..*’)

Ina theannta sin, próiseáiltear do chuid sonraí pearsanta i gcomhréir le forálacha:

- na reachtaíochta náisiúnta na Gréige is infheidhme (L.4213 / 2013, in éineacht leis na forálacha de L.3418 / 2005, L.3892 / 2010, airteagail 83, 84 de L.4600 / 2019 agus airteagal 28 de L.4913/2022, mar a fhéadfar iad a leasú agus a chur i bhfeidhm).
- an Chomhaontaithe idir Údaráis Náisiúnta nó Eagraíochtaí Náisiúnta atá freagrach as Pointí Teagmhála Náisiúnta le haghaidh r-Shláinte ar na Critéir a éilítear chun a bheith rannpháirteach i gCórais Eolais r-Shláinte Trasteorann.

# 5. Cén cuspóir atá le próiseáil do chuid sonraí pearsanta?

Ní phróiseálfar do chuid sonraí pearsanta ach amháin chun seirbhísí cúraim sláinte trasteorann a chur ar fáil, e.g. cóir leighis agus / nó soláthar cógas.  Sa Ghréig, féadfar do chuid sonraí a úsáid ar mhaithe le hanailís eipidéimeolaíochta, staitistiúil, airgeadais, riaracháin agus bhainistíochta a dhéanamh chun feabhas a chur ar tháscairí sláinte agus ar chaighdeán na seirbhísí a chuirtear ar fáil. I gcás den sórt sin bíonn do chuid sonraí anaithnid. Rialaítear an phróiseáil sin le Dlí na Gréige 4487/2017 (Leasú ar Chúram Sláinte Príomhúil, rialacháin phráinneacha faoin Aireacht

Sláinte agus forálacha eile) agus le hairteagal 5, mír 1()b, le hairteagal 9 mír 2(j) agus le hAithris 89 de RGCS.

# 6. Cé ag a bhfuil rochtain ar do chuid sonraí?

Tá Aireacht Sláinte na Gréige ag feidhmiú mar rialaitheoir sonraí, agus tá IDIKA S.A. (R-Rialtas um Shlándáil Shóisialta S.A.) ag feidhmiú mar phróiseálaí sonraí thar ceann an rialaitheora sonraí. Ní bheidh rochtain ar do chuid sonraí ach ag gairmithe cúraim sláinte údaraithe sa Ghréig a bhfuil baint acu le do chóir leighis nó le soláthar cógas agus ní mór dóibh cloí leis an reachtaíocht ábhartha agus leis na Cóid Eitice maidir le hoibleagáidí rúndachta gairmiúla agus próiseáil sonraí pearsanta. Tá iarracht déanta ag an nGréig chun a chinntiú go bhfaigheann gach gairmí cúraim sláinte sa chríoch oiliúint leordhóthanach agus go mbíonn siad feistithe go gairmiúil chun a gcuid oibleagáidí a bhaineann leis na seirbhísí eHDSI a chomhlíonadh. Ar deireadh, beidh na sonraí atá san áireamh san achoimre ar an othar ar fáil trí gheata digiteach slán a chuireann tíortha rannpháirteacha eHDSI ar fáil.

# 7. Cá háit a stóráiltear do chuid sonraí agus cén tréimhse a bhíonn i gceist?

Stórálfar do chuid sonraí i gcórais eolais na n-eagraíochtaí a phróiseálann na sonraí, i do thír chónaithe agus sa Ghréig araon. Ní féidir sonraí pearsanta a stóráil ach chomh fada is gá le haghaidh na gcuspóirí dá ndéantar iad a phróiseáil agus freisin de réir forálacha ábhartha na reachtaíochta náisiúnta is infheidhme maidir le coimeád sonraí sláinte. Thairis sin, is féidir sonraí a stóráil ar feadh tréimhsí níos faide le haghaidh cartlannú ar mhaithe le leas an phobail agus ar chúiseanna eolaíocha nó stairiúla agus coimircí príobháideachais ar leith curtha i bhfeidhm (anaithnidiú).

# 8. Do chearta

Maidir le próiseáil do chuid sonraí pearsanta ar mhaithe le seirbhísí cúraim sláinte trasteorann a chur ar fáil, is féidir leat:

- do cheart maidir le heolas agus rochtain ar do chuid sonraí a fheidhmiú
- iarratas a dhéanamh ar cheartú aon sonraí míchruinne i gcomhréir le hAirteagal 16 de RGCS.

I gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha speisialta a leagann RGCS síos agus an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme, is féidir leat freisin:

- iarratas a dhéanamh ar do chuid sonraí a scriosadh i gcomhréir le hAirteagal 17 de RGCS,
- agóid a dhéanamh in aghaidh phróiseáil do chuid sonraí i gcomhréir le hAirteagal 21 de RGCS.

Tá an ceart agat achomharc a dhéanamh chuig Údarás na Gréige um Chosaint Sonraí le haghaidh ceisteanna a bhaineann le próiseáil do chuid sonraí pearsanta a rinneadh sa Ghréig. Maidir le hinniúlacht an Údaráis agus an nós imeachta chun gearán a chur faoina bhráid, soláthraítear eolas mionsonraithe ar an suíomh gréasáin http://www.dpa.gr .

# 9. Faisnéis teagmhála

**Rialaitheoir Sonraí:**

An Aireacht Sláinte - An Rannán Ríomhrialachais [ríomhphost: myHealthEU@moh.gov.gr]

An Aireacht Sláinte - Oifigeach Cosanta Sonraí (OCS) [ríomhphost: dpo@moh.gov.gr]

**Próiseálaí Sonraí:**

IDIKA S.A. - Deasc Freastail [ríomhphost: servicedesk@ncpehealth.gr]

IDIKA S.A. - Oifigigh Cosanta Sonraí (OCS) [ríomhphost: dpo@idika.gr]